



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Príomhfheidhmeannach le hEarcú

Tá Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag iarraidh Príomhfheidhmeannach a cheapadh, a mbeidh idir fhuinneamh agus taithí aige nó aici, chun an eagraíocht a threorú, a thiomáint agus a mhúnlú go héifeachtach trí na dúshláin agus na deiseanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo san earnáil oideachais tríú leibhéal.

Tá QQI freagrach as dearbhú cáilíochta seachtrach san earnáil breisoideachais agus san earnáil ardoideachais agus oiliúna araon in Éirinn. Mar chuid den chúram sin, déanann QQI cláir a bhailíochtú agus cáilíochtaí a bhronnadh, agus is airsean atá an fhreagracht as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a chur chun cinn, a chothabháil agus a athbhreithniú.

Mar an Príomhfheidhmeannach, beidh tú i gceannas ar QQI go ceann théarma 5 bliana, tráth a mbeidh a ról rialála á neartú tuilleadh chun feabhsuithe cáilíochta a dhéanamh ar fud na hearnála oideachais. Is don Bhord a bheidh tú ag tabhairt tuairiscí agus beidh freagracht fhoriomlán ort as straitéis na hEagraíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Beidh sé léirithe arís is arís eile agat i do ghairmréim go dtí seo gur ceannaire muiníneach, nuálach thú agus gur bainisteoir sinsearach thú ag a bhfuil taithí, mar aon le cur amach láidir ar an earnáil breisoideachais agus an earnáil ardoideachais agus oiliúna araon. Ní mór duit scileanna cumarsáide den scoth a bheith agat agus a bheith in ann gníomhú go straitéiseach agus tionchar a imirt ar dhaoine eile. Caithfidh tú an mianach a bheith ionat caidrimh éifeachtacha a chothú agus a choinneáil agus athrú leanúnach a chur i bhfeidhm.

Mar aitheantas ar do thaithí, gheobhaidh tú pacáiste iomaíoch luacha saothair agus sochar ar Ghrád Earnála Poiblí.

Má bhíonn tuilleadh eolais uait nó más mian leat cur isteach ar an bpost, déan teagmháil le Arlene Sheridan in Hays Executive ag executivesearch@hays.ie. Bíodh an tagairt QQI20 luaite agat i do r-phost.

An Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais: 18:00, Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair 2020